

AN PLEAN NÁISIÚNTA  
MAIDIR LE GNÓ AGUS  
CEARTA AN DUINE  
2017 – 2020




RIALTAS NA hÉIREANN  
GOVERNMENT OF IRELAND

## Clár na nÁbhar

Brollach	5
Ráiteas Misin	6
Réamhrá	7
<b>Cuid 1: An Comhthéacs Idirnáisiúnta agus an Próiseas Comhairliúcháin sa Tír seo</b>	<b>8</b>
Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine – Cosaint, Urramú agus Leigheas	8
Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine	9
Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh	9
Tionscnaimh idirnáisiúnta eile	10
Ullmhú an Phlean Náisiúnta	11
<b>Cuid 2: An Creat Reachtach agus Rialála atá i bhfeidhm faoi láthair</b>	<b>13</b>
Cearta Oibrithe	13
Frith-éilliú	13
Comhionannas	13
Frithgháinneáil	14
Cosaint Sonraí	14
An Comhshaol	14
Slabhra an tSoláthair	15
Soláthar	15
Tuairisciú neamhairgeadais	15
<b>Cuid 3: Gníomhartha</b>	<b>16</b>
I. Príomhghéalltanais chun comhtháthú beartais a chinntiú ar fud an Rialtais	16
II. Tosaíochtaí tionscnaimh don Ghrúpa Forfheidhmithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine	18
An Dualgas atá ar an Stát Cearta an Duine a Chosaint	18
An Fhreagracht Chorparáideach i dtaobh Cearta an Duine a Urramú	18
Rochtain ar Leigheas	19
<b>Iarscríbhinní</b>	<b>20</b>
Iarscríbhinn 1 – Liosta gníomhartha breise agus gníomhartha leanúnacha atá le cur i gcrích ar fud an Rialtais	20
Iarscríbhinn 2 – Téarmaí Tagartha an Ghrúpa Forfheidhmithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine	22

# Ag Cur Luachanna na hÉireann chun Cinn



## Brollach



Is mór ag muintir na hÉireann cearta an duine le fada an lá agus seasann siad leis na cearta sin, agus tá an méid sin á léiriú inár mbeartas eachtrach, ina ndéantar athdhearbhú ar an tiomantas atá againn d'uilechoitinne, dodhealaitheacht agus idirghaolmhaireacht chearta uile an duine. Creidimid go bhfuil gach duine i dteideal na cearta sin a theachtadh agus go bhfuil freagracht air nó uirthi dá bharr cearta daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint. Tá ról againn go léir ina leith sin, agus is ról é nach mbaineann le hinstiúidí an Stáit amháin ach le hearnálacha eile den tsochaí freisin.

Tugtar aitheantas níos mó agus níos mó anois don tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht ghnó ar theachtadh cearta an duine. I gcás fostaithe agus custaiméirí, d'fhéadfadh tionchar díreach, láithreach a bheith i gceist ach d'fhéadfadh daoine eile a bheith faoi thionchar indíreach na gníomhaíochta sin freisin, mar shampla trí chinntí a bhaineann le slabhraí soláthair. Tugadh faoi roinnt tionscnamh chun dul i ngleic leis sin agus chun iompar gnó freagrach a chur chun cinn, agus ba mhór an chéim chun tosaigh a tógadh in 2011 nuair a ghlac an Chomhairle um Chearta an Duine *Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine*.

Tá áthas orm an Plean Náisiúnta seo maidir le Gnó agus Cearta an Duine a sheoladh chun éifeacht a thabhairt do na *Prionsabail Threoracha* sin de chuid na Náisiún Aontaithe. Léirítear sa cháipéis seo ar bhealach soiléir praiticiúil tiomantas an Rialtais don chleachtas gnó freagrach a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear, agus d'ullmhaigh mo Roinn í i ndlúthchomhar le Ranna Rialtais eile, le gníomhaireachtaí Stáit, le fiontair ghnó agus le heagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta.

Creidim gur cheart go ndéanadh cosaint chearta an duine agus cur chun cinn an fháis gheilleagraigh, na trádála agus na hinfheistíochta a chéile a chomhlánú agus a threisiú. Is féidir linn meas ar chearta an duine a chur i gcroílár ár gcleachtas gnó go léir agus muid ag obair i dtreo chomhlíonadh na spriocanna forbartha inbhuanaithe atá leagtha amach i gClár Oibre 2030 ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus leibhéal an domhain.

Beidh cur i bhfeidhm na mbeart atá sainaitheanta sa Phlean Náisiúnta seo ina chomhiarracht de chuid an rialtais, an lucht gnó agus na sochaí sibhialta. Táim ag tnúth le bheith ag obair le gach duine agus ár gcion féin á dhéanamh againn go léir maidir le cleachtais ghnó fhreagracha a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear agus le hathdhearbhú a dhéanamh ar ról treorach na hÉireann agus í ag seasamh le cearta an duine ar fud an domhain.

**Simon Coveney T.D.**  
An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála



An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála  
Department of Foreign Affairs and Trade



## Ráiteas Misin

'Cleachtais fhreagracha ghnó a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear i measc na bhfrontar gnó Éireannach go léir, ag teacht le tiomantas na hÉireann do chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain agus do bheith ar cheann de na tíortha is fearr ar domhan i dtaobh a bheith i mbun gnó inti'



RIALTAS NA hÉIREANN  
GOVERNMENT OF IRELAND

## Réamhrá

Tá cur chun cinn agus cosaint chearta an duine ina bhunchloch do bheartas eachtrach na hÉireann agus táimid bródúil as an teist fhada atá againn i dtaobh rannpháirtíocht éifeachtach ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine, trí bheith inár mball d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus trínár gcaidreamh déthaobhach le tíortha eile. Cé gur ar na hinstiúidí Stáit a bheidh an phríomhfhreagracht i gcónaí, is minice anois a ghlactar leis go bhfuil fiontair ghnó ina bpríomhghníomhairí maidir le cearta an duine aonair a chosaint.

Agus ról an lucht gnó á aithint aici, rinne Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine formhuiniú ar Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine in 2011. Níl na prionsabail sin ina gceangal dlí ach spreagadh tíortha chun éifeacht a thabhairt dóibh trí phleananna náisiúnta a ghlacadh.

Ullmhaíodh an Plean Náisiúnta ar bhun Cinneadh Rialtais i mí an Mheithimh 2014 agus tá próiseas comhairliúcháin leathan á leanúint ina leith. Is é is aidhm dó cleachtas gnó atá freagrach a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear.

Príomhghné den Phlean is ea Grúpa Forfheidhmithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a bhunú ina dtabharfar le chéile ionadaithe ón rialtas, ón lucht gnó agus ón tsochaí shibhialta.

Trí chuid atá sa Phlean:

*Cuid a hAon*, ina leagtar amach an comhthéacs idirnáisiúnta agus an próiseas comhairliúcháin baile lenar cuireadh bonn eolais faoi ullmhú an Phlean Náisiúnta.

*Cuid a Dó*, ina ndéantar achoimre ar an gcreat reachtach agus rialála atá i bhfeidhm faoi láthair in Éirinn.

*Cuid a Trí*, ina sonraítear na gníomhartha atá le déanamh faoin bPlean seo. Tá roinnt gníomhartha ann lena ndírítear ar chomhtháthú beartais ar fud na Ranna Rialtais agus na ngníomhaireachtaí Rialtais go léir agus is gníomhartha tosaíochta tionscnaimh iad cuid eile don Ghrúpa Forfheidhmithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.

Tá tuilleadh faisnéise i roinnt *larscríbhinní* ag deireadh an Phlean.

Ceapadh an Plean lena bheith ina cháipéis bheo agus déanfar é a nuashonrú go rialta chun freagairt don mhéid a tharlóidh amach anseo. Beidh an dul chun cinn a dhéanfar maidir le cur chun feidhme faoi chaibidil freisin i bhfóram na bpáirtithe leasmhara éagsúla a bheidh ar siúl dhá bhliain tar éis ghlacadh an Phlean.

## Cuid 1:

### An Comhthéacs Idirnáisiúnta agus an Próiseas Comhairliúcháin sa Tír seo

#### Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine – Cosaint, Urramú agus Leigheas

Ar an 16 Meitheamh 2011, rinne Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine formhuiniú d'aonghuth ar na Prionsabail Threoracha maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Creat na Náisiún Aontaithe maidir le 'Cosaint, Urramú agus Leigheas'<sup>1</sup> a chur chun feidhme. Tá na Prionsabail Threoracha sin dírithe ar fheabhas a chur ar chaighdeán agus cleachtais maidir le gnó agus cearta an duine sa chaoi is go mbainfear amach torthaí nithiúla do dhaoine aonair agus do phobail. Tá sé i gceist go mbeadh feidhm acu i leith gach fiontair gnó, idir chinn thrasnáisiúnta agus chinn áitiúla, beag beann ar mhéid, earnáil, suímh, úinéireacht nó struchtúr.

Tá an 31 Prionsabal Treorach ó na Náisiún Aontaithe leagtha amach ina dtrí cholún:

#### 1. An Dualgas atá ar an Stát Cearta an Duine a Chosaint

Na hoibleagáidí atá ar an Stát cheana maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh.

#### 2. An Fhreagracht Chorporáideach i dtaobh Cearta an Duine a Urramú

Ról na bhfiontair gnó mar orgáin na sochaí a chomhlíonann feidhmeanna éagsúla, nach mór dóibh cloí leis na dlíthe go léir is infheidhme agus cearta an duine a urramú.

#### 3. Rochtain ar Leigheas

An gá atá ann leigheasanna iomchuí, éifeachtacha a bheith ag gabháil le cearta agus oibleagáidí nuair a sháraítear iad.

Cé nach bhfuil ceangal dlí ag Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe, déantar cur síos sa cháipéis sin ar na himpleachtaí a bhaineann le caighdeán agus cleachtais atá ann faoi láthair i gcás Stát agus fiontair ghnó agus áirítear leo pointí atá clúdaithe sa dlí idirnáisiúnta agus sa dlí náisiúnta. Tá sé iarrtha ag na Náisiún Aontaithe agus ag an Aontas Eorpach araon ar gach Stát Plean Náisiúnta a ullmhú chun na Prionsabail a chur chun feidhme.

<sup>1</sup> Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine, Guiding Principles on Business and Human Rights: Implementing the United Nations 'Protect, Respect and Remedy' Framework, (2011) (Prionsabail Threoracha maidir le Gnó agus Cearta an Duine anseo feasta). Ar fáil ag: [http://www.ohchr.org/Documents/Publications/GuidingPrinciplesBusinessHR\\_EN.pdf](http://www.ohchr.org/Documents/Publications/GuidingPrinciplesBusinessHR_EN.pdf)

#### Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine

Déantar feidhmiú na bPrionsabal Treorach maidir le Gnó agus Cearta an Duine a phlé ag an gcruinniú bliantúil de chuid Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine sa Ghinéiv. Cuirtear chun cinn ag an bhfóram sin idirphlé agus comhar maidir le saincheisteanna a bhaineann le gnó agus cearta an duine, lena n-áirítear dúshláin atá le sárú in earnálacha nó i dtimpeallachtaí oibriúcháin ar leith nó i ndáil le cearta nó grúpaí sonracha, agus aithnítear an dea-chleachtas freisin. Tá an Fóram oscailte do gach grúpa cuí páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Stáit, mórchóras na Náisiún Aontaithe, eagraíochtaí idir-rialtasacha agus eagraíochtaí réigiúnacha, gnólachtaí, ceardchumainn saothair, institiúidí náisiúnta um chearta an duine, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus páirtithe leasmhara lena mbaineann.

#### Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh

I mí an Mheithimh 2016, cúig bliana tar éis gur foilsíodh Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh Conclúidí<sup>2</sup> lena ndearnadh athdhearbhú ar rannpháirtíocht láidir, ghníomhach an Aontais ar mhaithe le mí-úsáid a chosc agus leigheas a áirithiú ar fud an domhain, agus lena chinntiú go gcuirfí chun feidhme Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe. Thug an Chomhairle chun cuimhne an gealltanais ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh go ndéanfaidís Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta a ullmhú agus a ghlacadh agus leag sí béim ar an ról suntasach is cóir a bheith ag an lucht gnó i dtaobh cuidiú Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme, agus é á aithint aici gur gné dhílis den fhorbairt inbhuanaithe is ea urramú chearta an duine ag corparáidí.



Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, an Ghinéiv ©Photo: Jean-Marc Ferré /UN Photo:

<sup>2</sup> Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh <http://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2016/06/20-fac-business-human-rights-conclusions/>

## Tionscnaimh idirnáisiúnta eile

Sa cháipéis **Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe** ('Clár Oibre 2030') a glacadh ag Cruinniú Mullaigh speisialta de chuid na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2015, leagtar amach creat domhanda le haghaidh na gníomhaíochta ar mhaithe le díothú na bochtaíneachta agus leis an bhforbairt inbhuanaithe, agus is faoin gcreat sin a chinnfear tosaíochtaí agus a thabharfar treoir maidir le leithdháileadh acmhainní ar fud an domhain sna 15 bliana atá romhainn. Beidh Clár Oibre 2030 á chur chun feidhme ar bhonn uilíoch ag gach tír, laistigh de na tíortha féin agus ina gcuid gníomhaíochta seachtraí. I gcroílár an chláir oibre 2030 tá na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) agus na 169 cuspóir a ghabhann leo, atá ina gcreat comhtháite i leith forbairt inbhuanaithe a bhaint amach ar fud an domhain. Is iad seo a leanas na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe is mó a bhfuil baint acu le réimse an Ghnó agus Chearta an Duine:



- 10
- SFI 1 Deireadh a chur leis an mbochtaíneacht, cibé cén fhoirm ina bhfuil sí agus cibé cén áit
  - SFI 5 Comhionannas inscne a bhaint amach agus cumhacht a thabhairt do mhná agus do chailíní
  - SFI 8 Fás geilleagrach atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon le fostaíocht iomlán, tháirgiúil agus obair chuibhiúil do chách

Tá Clár Gníomhaíochta Addis Ababa ina chuid dhílis de Chlár Oibre 2030. Mar aon leis na modhanna feidhmithe faoi gach SFI agus faoi Chuspóir 17 (Modhanna Feidhmithe agus Comhpháirtíocht Dhomhanda), leagtar amach ann réimse iomlán na modhanna feidhmithe – gníomhaíochtaí agus beartais chumasúcháin airgeadais agus neamhairgeadais, idir phoiblí agus phríobháideacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta, sa bhaile agus thar lear – a mbainfear leas astu i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta Domhanda chun an Clár Oibre a chomhlíonadh.

I mí an Mhárta 2016, ghlac **Comhairle na hEorpa**<sup>3</sup> Moladh chun cuidiú le Ballstáit sáruithe ar chearta an duine ag fiontair ghnó a chosc agus a leigheas. Déantar formhíniú sa Mholadh ar an rochtain ar leigheas breithiúnach, ag tarraingt ar an saineolas atá ag Comhairle na hEorpa agus ar chaighdeán dhlíthiúla, agus leagtar béim ar leith ar na riachtanais chosanta bhreise atá ag oibrithe, leanaí, daoine de phobail dhúchasacha agus cosantóirí chearta an duine. Moltar ann freisin go ndéanfaí athbhreithniú ar chur chun feidhme an Mholta ag na Ballstáit laistigh de chúig bliana ón dáta ar a nglacfar é, le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha.

<sup>3</sup> Moladh ó Chomhairle na hEorpa:

[https://search.coe.int/cm/Pages/result\\_details.aspx?ObjectID=09000016805c1ad4](https://search.coe.int/cm/Pages/result_details.aspx?ObjectID=09000016805c1ad4)

D'ullmhaigh an **Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)** Treoirlínte d'Fhiontair Ilnáisiúnta<sup>4</sup> atá dírithe ar fhiontair ilnáisiúnta a bhíonn ag gníomhú laistigh de thíortha a chloíonn leis an moladh sin, nó ag gníomhú uathu. Soláthraítear iontu prionsabail agus caighdeáin neamhcheangailteacha chun an gnó a sheoladh go freagrach i gcomhthéacs domhanda ar shlí atá ag teacht leis na dlíthe is infheidhme agus leis na caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta.

Sa Dearbhú Trípháirteach maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta<sup>5</sup> **ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS)**, tugtar treoir dhíreach d'fhiontair ar bheartas sóisialta agus cleachtais chuimsitheacha, fhreagracha agus inbhuanaithe san ionad oibre. Rinne rialtais, fostóirí agus oibrithe ó gach cearn den domhan an ionstraim dhomhanda sin a leagan amach agus a ghlacadh i 1977 agus rinneadh athbhreithniú air i mí an Mhárta 2017. Tá na prionsabail atá sonraíte ann dírithe ar fhiontair ilnáisiúnta, ar rialtais, agus ar eagraíochtaí agus réimsí leasa de chuid fostóirí agus oibrithe amhail fostaíocht, oiliúint, dálaí oibre agus maireachtála, agus caidreamh tionsclaíoch, mar aon le beartais ghinearálta.

## Ullmhú an Phlean Náisiúnta

Ar an 24 Meitheamh 2014, chinn an Rialtas Plean Náisiúnta a ullmhú i leith fheidhmiú Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine. Cé gur don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (RGET) a sannadh an ról comhordaithe maidir le hullmhú an Phlean, aontaíodh go mbeadh gach Roinn agus Gníomhaireacht Rialtais ag glacadh páirt iomlán sa phróiseas.

Ghlac RGET cur chuige cuimsitheach, oscailte agus d'oibrigh sí i ndlúthpháirt le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, fiontair ghnó agus an tsochaí sibhialta chun Plean atá praiticiúil ach uailmhianach a chur le chéile. Lena chinntiú go nglacfaí cur chuige uile-Rialtais, bunaíodh Coiste Idir-Rannach freisin.

I mí na Samhna 2014, bhí Gnó agus Cearta an Duine faoi chaibidil ag Fóram Bliantúil na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha ar Chearta an Duine. Bhí an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan, TD, i gceannas ar an bplé faoi na tosaíochtaí don Phlean Náisiúnta le heagraíochtaí um chearta an duine, ceannairí gnó, agus ionadaithe de chuid na sochaí sibhialta.

I mí Feabhra 2015, d'óstáil RGET ceardlann le hionadaithe gnó agus ionadaithe de chuid na sochaí sibhialta chun tosaíochtaí don Phlean a phlé agus cuireadh tús le comhairliúchán poiblí faoina bhfuarthas breis is 30 aighneacht.

<sup>4</sup> ECFE (2011), OECD Guidelines for Multinational Enterprises, OECD Publishing.

<http://dx.doi.org/10.1787/9789264115415-en>

<sup>5</sup> Dearbhú Trípháirteach ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair:

[http://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed\\_emp/---emp\\_ent/---multi/documents/publication/wcms\\_094386.pdf](http://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_emp/---emp_ent/---multi/documents/publication/wcms_094386.pdf)

Foilsíodh Imlíne Oibre den Phlean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine i mí na Nollag 2015 agus chuir RGET tuilleadh babhtáí comhairliúcháin ar bun ina dhiaidh sin. Tugtar achoimre chuimsitheach san Imlíne Oibre ar an eolas a cuireadh i dtoll a chéile agus na ceisteanna a breithníodh le linn an phróisis comhairliúcháin agus is féidir féachaint uirthi ar láithreán gréasáin RGET, áit a bhfuil na haighneachtaí go léir i scríbhinn a fuarthas le feiceáil freisin<sup>6</sup>.

Tugtar le chéile sa Phlean Náisiúnta seo na buncheisteanna a aithníodh san Imlíne Oibre agus leagtar amach treo-chlár maidir le roinnt gníomhaíochtaí a chur chun feidhme thar thréimhse trí bliana, rud a chuirfidh ar chumas na hÉireann cuspóirí Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Tá sé ceaptha le bheith ina cháipéis bheo a nuashonrófar go rialta chun freagairt don mhéid a tharlóidh amach anseo. Tá sé i gceist chomh maith fóram de na páirtithe leasmhara éagsúla a thionól chun breathnú ar an dul chun cinn a dhéanfar i leith an phlean sa chéad dá bhliain.



An Fóram RGE-NGO maidir le Cearta an Duine 2014 ag pléigh Gnó agus Cearta an Duine, Caisleán Bhaile Átha Cliath  
©Maxwell Photography

<sup>6</sup> Imlíne Oibre: <https://www.dfa.ie/our-role-policies/international-priorities/human-rights/human-rights-in-ireland/national-plan-on-business-and-human-rights/>

## Cuid 2:

### An Creat Reachtach agus Rialála atá i bhfeidhm faoi láthair

Tá baint ag gnó agus cearta an duine le réimsí beartais fhormhór na Ranna Rialtais. Tá an rialtas go léir ag féachaint chuige go n-aithneoidimid agus go gcomhlíonaimid ár dtiomantas dá chinntiú go mbeidh cleachtas gnó atá freagrach agus iomaíoch á fheidhmiú in Éirinn agus thar lear.

Ar bhonn idirnáisiúnta, tá ardmheas ar Éirinn mar chomhpháirtí láidir, gníomhach i leith cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn. Ó thaobh gnó agus cearta an duine a chur chun cinn, tá ról ceannasach glactha againn ar leibhéal na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh araon agus táimid i measc an chéad ghrúpa de Bhallstáit an Aontais a chur i bhfeidhm Plean Náisiúnta. Le linn thréimhse an Phlean seo, leanfaimid orainn ag dul i gcomhairle lenár gcomhpháirtithe san Aontas chun cúrsaí a bhaineann le gnó agus cearta an duine a chur chun cinn i gcinnteoireacht an Aontais. Leanfaimid ar aghaidh chomh maith inár gcomhpháirtí gníomhach ar leibhéal na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht bhliantúil i bhFóram na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine sa Ghinéiv.

#### Cearta Oibrithe

Tá Éire an-tiomanta do chearta oibrithe baile agus oibrithe imirceacha araon a chosaint agus a chur chun cinn trí reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta, le corpas stuama reachtaíochta i dtaobh cearta fostaíochta lena dtugtar modh sásaimh d'fhostaithe i gcásanna ina ndearnadh sárú ar a gcearta fostaíochta. In 2017, ghlac Éire Suíochán Titulaire, den chéad uair, ar Bhord Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS). Le linn a téarma ar an mBord, beidh Éire ag coinneáil lena tiomantas do chearta an duine agus á chothú, agus beidh sí ag obair chun cur le próifíl an ghnó agus chearta an duine i gcreat na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.

#### Frith-éilliú

Le blianta beaga anuas, tá aitheantas níos mó agus níos mó tugtha ag na Náisiún Aontaithe agus ag eagraíochtaí réigiúnacha do dhrochthionchar an éillithe ar theachtadh chearta an duine. Thairis sin, tá sé aitheanta arís agus arís eile ag na comhlachtaí conartha agus trí nósanna imeachta speisialta chóras chearta an duine de chuid na Náisiún Aontaithe go bhfuil an t-éilliú ina ghné rithábhachtach a chuireann le mainneachtain Stát na hoibleagáidí atá orthu i leith chearta an duine a chomhlíonadh.

San athbhreithniú piaraí is déanaí a rinne ar fheidhmiú na hÉireann ar Choinbhinsiún ECFE in aghaidh na Breabaireachta, rinneadh roinnt sainmholtaí a bhaineann le múscailt feasachta agus tuairisciú. Ó foilsíodh an tuarascáil sin, thug an Rialtas isteach an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, lena soláthraítear creat reachtúil láidir inar féidir le hoibrithe cúiseanna imní i dtaobh éagóir féideartha san ionad oibre a chur in iúl. Beidh Éire ag coinneáil leis an obair leantach i leith mholtaí na tuarascála lena chinntiú go gcomhlíonaimid na gealltanais a thugamar sa Choinbhinsiún.

#### Comhionannas

Tá an Rialtas tiomanta don chomhionannas a chur chun cinn i ngach uile ghné de shochaí na hÉireann. Bíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a bunaíodh trí

reacht, ag obair chun deireadh a chur le hidirdhealú agus comhdheiseanna a chur chun cinn. Tá sé de chúram air faisnéis a thabhairt do dhaoine a mheasann go ndearnadh idirdhealú ina gcoinne ar bhonn ceann ar bith de na naoi bhforas, bíodh sé sin san fhostaíocht nó lasmuigh di, agus comhairle a chur ar na daoine sin.

Áirítear leis an dul chun cinn a rinneadh le déanaí i dtaobh ceisteanna comhionannais gur tugadh isteach sochar atharthachta reachtúil in 2016 agus gur seoladh Straitéis Náisiúnta nua do Mhná agus Cailíní i mí na Bealtaine 2017. Tá obair idir lámha chomh maith ar Bhille nua um Chomhionannas/Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha).

Toghadh Éire den chéad uair chun fónamh mar chomhalta de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan don téarma 2017-21. Tapóimid an deis sin chun cur le rannpháirtíocht idirnáisiúnta na hÉireann maidir le cearta iomlána a bhaint amach do mhná agus do chailíní. Tá sé geallta ag an Rialtas a bheith i mbun oibre chun neartú a dhéanamh ar ghuth agus feidhmiú an Choimisiúin agus chun rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ina chuid oibre a chur chun cinn.

### Frithgháinneáil

Tá cur i gcoinne na gáinneála ar dhaoine ina bhunchuid thábhachtach den chlár oibre maidir le gnó agus cearta an duine. Tá an Rialtas tiomanta dá chinntiú nach ndéanfar dúshaothrú ar dhaoine ná nach gcuirfear iallach orthu a bheith ag obair in éadan a dtola féin in Éirinn nó ag comhlachtaí Éireannacha atá ag feidhmiú thar lear. I mí Dheireadh Fómhair 2016, sheol an Rialtas an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac. Tá 65 gníomh sa phlean, agus ceapadh é chun feachtas géar a chur ar bun i gcoinne daoine aonair agus dronganna a mbíonn baint acu leis an gcoir sin, chun tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh, chun an fhadhb a chur ar a súile don phobal, agus chun feabhas a chur ar an oiliúint dóibh siúd ar dócha go gcasfar íospartaigh orthu.

### Cosaint Sonraí

Tá Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí freagrach as seasamh leis an bprionsabal ginearálta gur chóir do dhaoine a bheith in ann a rialú a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear sonraí a bhaineann leo féin. Ina theannta sin, tá an Coimisinéir freagrach as na hoibleagáidí atá ar rialtóirí sonraí a fhorfheidhmiú. Mar gheall ar an líon mór cuideachtaí ilnáisiúnta ardteicneolaíochta atá bunaithe in Éirinn, tá freagracht ar Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann as maoirseacht a dhéanamh ar mhéid mhór sonraí agus bhí baint aici le roinnt cásanna a bhí go mór i mbéal an phobail. Tá an Rialtas tiomanta do thacú le ról an Choimisinéara Sonraí agus, le blianta beaga anuas, tá méadú faoi cheathair déanta aige ar an gcistiú d'obair an Choimisiúin.

### An Comhshaol

Tugann an Rialtas ardtosaíocht don cheart atá ag saoránaigh timpeallacht shábháilte a bheith acu agus don fhreagracht atá ar ghnólachtaí cloí leis an reachtaíocht um chosaint an chomhshaoil. Tá trasú déanta ag Éirinn ar roinnt Treoracha tábhachtacha ón Aontas Eorpach, amhail Treoir 2004/35/CE ón Aontas ina ndéileáiltear le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste don chomhshaol a chosc agus a leigheas. I gcomhréir le tosaíocht an Rialtais maidir lena chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht chuimsitheach oscailte ag an bpobal sa cheapadh beartais, tá daingniú déanta ag Éirinn freisin ar Choinbhinsiún Aarhus atá ceaptha le rannpháirtíocht na saoránach i gcúrsaí comhshaoil a chur chun cinn agus feabhas a chur ar fhorfheidhmiú an dlí comhshaoil.

### Slabhra an tSoláthair

Is féidir le dúshaothrú nó éilliú feadh an tslabhra soláthair drochthionchar mór a imirt ar an gclú atá ar chuideachtaí agus ar Stáit. Tacaíonn an Rialtas leis an togra ón gCoimisiún Eorpach i leith Rialachán ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh lena bhforáiltear do chóras ar fud an Aontais Eorpaigh a bhunú i ndáil le dícheall cuí sa slabhra soláthair d'allmhaireoirí freagracha stáin, tantalaim agus tungstain, a mianta, agus óir de thionscnamh limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus limistéir ardriosca. Is é príomhchuspóir an togra sin ná cuidiú le laghdú a dhéanamh ar an gcistiú ar ghrúpaí armtha agus fórsaí slándála ar bhonn fáltais ó mhianraí i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardriosca, trí thacú le cleachtais fhreagracha i measc chuideachtaí an Aontais Eorpaigh i leith foinsiú agus na cleachtais sin a chur chun cinn a thuilleadh. Ar ndóigh, níl dícheall cuí sa slabhra soláthair teoranta do na tionscail eastósca nua do limistéir ina bhfuil coinbhleacht ar bun.

Tá saineolas Éireannach á choimisiúnú freisin ag corparáidí ilnáisiúnta agus ag cláir um chomhar teicniúil chun tabhairt faoi iniúchtaí tríú páirtí i gcomhthéacs dícheall cuí sa slabhra soláthair maidir le caighdeáin mhonarchan. Mar shampla, thug Éireannaigh a bhfuil saineolas san innealtóireacht acu an-chúnamh maidir le córas fadtéarmach cigireachta tógála agus forfheidhmithe a dhearadh agus a chur chun feidhme do gach foirgneamh sa Bhanglaidéis. Nuair is féidir é, lena n-áirítear tríd an gCúnamh Forbartha Thar Lear uainn, féachfaidh an Rialtas le tacú le tionscnaimh den sórt sin.

### Soláthar

Tá an soláthar poiblí in Éirinn á rialú ag dlí na tíre seo, ag dlí an Aontais Eorpaigh agus ag na Treoirí Náisiúnta. Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais tiomanta dá chinntiú go dtugtar aird sa soláthar poiblí ar ábhair a bhaineann le cearta an duine agus go bhfuil cearta an duine ina gcuid dhílis den bheartas náisiúnta um sholáthar poiblí. Ní mór na prionsabail atá sonraithe sa Chonradh ar an Aontas Eorpach – an chóir chomhionann agus neamh-idirdhealú, trédhearcacht, aitheantas frithpháirteach, comhréireacht, saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus an ceart bunaíochta – a chomhlíonadh i ngach tairiscint.

Sampla de sin le blianta beaga anuas is ea na Treoracha ón Aontas Eorpach in 2014 maidir le Soláthar Poiblí<sup>7</sup>, a trasúidh i nDlí na hÉireann, ina bhfuil forálacha sonracha lena gcuirtear cosc ar thairgeoirí atá ciontach as sárúithe áirithe ar chearta an duine páirt a ghlacadh sa soláthar poiblí.

Tá treoir ghinearálta fhairsing maidir le ceanglais dlí i leith an tsoláthair ar fáil d'údarais phoiblí ar thairseach na hÉireann um sholáthar poiblí<sup>8</sup>.

### Tuairisciú neamhairgeadais

Tháinig an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le faisnéis neamhairgeadais agus faisnéis i dtaobh éagsúlachta a nochtadh (2014/95/AE)<sup>9</sup> i bhfeidhm i mí na Nollag 2014. Faoin Treoir sin, ceanglaítear ar chuideachtaí áirithe ar a dtugtar 'eintitis leasa phoiblí' dearbhú a chur san áireamh ina dtuarascáil bhliantúil bhainistíochta ina bhfuil sonraí ábhartha a bhaineann leis an gcomhshaol, le gnóthaí sóisialta, le cearta an duine, agus leis an éilliú a chosc. Beidh an Treoir sin á trasúiomh go luath i ndlí na hÉireann.

<sup>7</sup> Treoir 2014/23/AE, Treoir 2014/24/AE agus Treoir 2014/25/AE, I.R. Uimh 284 agus Uimh. 286 de 2016.

<sup>8</sup> Tairseach na hÉireann um sholáthar poiblí <http://etenders.gov.ie>

<sup>9</sup> <http://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2014/95/oj>



### Cuid 3:

## Gníomhartha

Tá na gníomhartha sa Phlean leagtha amach in dhá chatagóir:

#### i. Príomhgealltanais chun comhtháthú beartais a chinntiú ar fud an Rialtais

#### ii. Tosaíochtaí tionscnaimh don Ghrúpa Forfheidhmithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine

Is ar an Aonad um Chearta an Duine sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála atá cuid mhór den fhreagracht as comhlíonadh na ngníomhartha a bhfuil cur síos orthu i gcuid a haon. Beidh an Rannóg sin ina haonad ceannais freisin i dtaobh Rúnaíocht a sholáthar don Ghrúpa Forfheidhmithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.

Déantar cur síos i gcuid a dó ar na tosaíochtaí tionscnaimh don Ghrúpa Forfheidhmithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine. Tá na gníomhartha sin curtha in ord tosaíochta ar bhonn plé agus aiseolas a fuarthas nuair a bhí an Imlíne Oibre á hullmhú. Beidh an Grúpa Forfheidhmithe freagrach as sceideal a ullmhú maidir le gach ceann de na gníomhartha arna shannadh dó a chur i bhfeidhm agus tuairisc a thabhairt orthu.

#### i. Príomhgealltanais chun comhtháthú beartais a chinntiú ar fud an Rialtais

Mar a léiríodh sa chuid roimhe seo, tá iarracht mhór leanúnach ar bun ar fud an Rialtais cheana féin chun cearta an duine a chur chun cinn agus chun gníomhaíocht dhearfach ón earnáil phríobháideach a spreagadh nó a fhorghníomhú. Tá na gealltanais seo a leanas ina ngné lárnach i dtaobh na hiarrachtaí sin a chur ar bhonn foirmiúil agus iad a chomhdhlúthú.

Gealltanais	Tréimhse	An Roinn Rialtais atá freagrach as
Staidéar a choimisiúnú chun measúnú bunlíne cuimsitheach a dhéanamh ar an gcreat reachtaíochta agus rialála a bhaineann le gnó agus cearta an duine de réir mar atá feidhm aige in Éirinn	Le cur i gcrích laistigh de shé mhí ó fhoilsiú an Phlean Náisiúnta	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
'Grúpa Forfheidhmithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine' a bhunú, ina mbeidh ionadaithe ón Rialtas, ón bpobal gnó agus ón tsochaí shibhialta, agus a thiochfaidh le chéile dhá uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Náisiúnta thar na chéad trí bliana	Fógrófar na baill laistigh de thrí mhí ó fhoilsiú an Phlean Náisiúnta	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Gealltanais	Tréimhse	An Roinn Rialtais atá freagrach as
Fóram a thionól ar Ghnó agus Cearta an Duine laistigh de dhá bhliain ó ghlacadh an Phlean Náisiúnta. Tabharfar le chéile ag an bhfóram sin na páirtithe leasmhara lena n-áirítear an Rialtas, an pobal gnó agus an tsochaí shibhialta agus éascóidh sé do mhalartú tuairimí maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh i dtaobh an Plean Náisiúnta a chur i bhfeidhm	Laistigh de dhá bhliain ó fhoilsiú an Phlean Náisiúnta	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Leasú a dhéanamh ar théarmaí tagartha an Choiste Idir-Rannaigh um Chearta an Duine ionas go n-áireofar leo monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta	I gcomhthráth le foilsiú an Phlean Náisiúnta	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Gnó agus Cearta an Duine a chur san áireamh mar mhír rialta ar chlár oibre Bhuanchoiste Eagraíochtaí Neamhrialtasacha RGET maidir le Cearta an Duine	I gcomhthráth le foilsiú an Phlean Náisiúnta	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
A chinntiú go mbeidh comhleanúnachas idir an Plean Náisiúnta um Fhreagracht Shóisialta Chorpáraideach agus an Plean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine, lena n-áirítear trí chomhar a chothú idir an Meitheal Oibre Feidhmithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Fóram na bPáirtithe Leasmhara maidir le Freagracht Shóisialta Chorpáraideach	Seoladh an Plean um Fhreagracht Shóisialta Chorpáraideach ar an 26 Meitheamh, 2017	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
A chinntiú go mbeidh comhleanúnachas idir an Plean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil	Tá feidhm ag an bPlean Gníomhaíochta atá ann faoi láthair go dtí 2018	An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
A chinntiú go mbeidh comhleanúnachas idir Straitéis Trádála nua na hÉireann: 'Ireland Connected: Trading and Investing in a Dynamic World' <sup>10</sup> , agus an Plean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine	I gcomhthráth le foilsiú an Phlean Náisiúnta	Na Ranna Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Oideachais agus Scileanna, Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Gnóthaí Pobail agus Tuaithe, Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara

<sup>10</sup> [http://www.merrionstreet.ie/MerrionStreet/en/ImageLibrary/20170308\\_Ireland\\_Connected.pdf](http://www.merrionstreet.ie/MerrionStreet/en/ImageLibrary/20170308_Ireland_Connected.pdf)

## ii. Tosaíochtaí tionscnaimh don Ghrúpa Forfheidhmithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine

Beidh an Grúpa Forfheidhmithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine ag díriú ar na príomhghéalltanais seo a leanas a chomhlíonadh. Lena chois sin, beidh Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais ag coinneáil lena gcuid gníomhaíochtaí leanúnacha maidir le cur chun feidhme Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe atá aitheanta san Imlíne Oibre agus atá le feiceáil anseo in Iarscríbhinn 1.

### An Dualgas atá ar an Stát Cearta an Duine a Chosaint

- i. Foireann uirlisí phraiticiúil a chur le chéile maidir le gnó agus cearta an duine le haghaidh eintitis phoiblí agus phríobháideacha laistigh de 12 mhí chun cuidiú leo leis an dícheall cuí i leith chearta an duine.
- ii. A chinntiú go gcuirfear seirbhísigh phoiblí ábhartha ar an eolas faoina oibleagáid atá orthu tuairisc a thabhairt faoi chásanna ina bhfuil amhras ann go ndearnadh breabaireacht faoi Choinbhinsiún ECFE ar Bhreabaireacht Eachtrach.
- iii. Dícheall cuí i leith chearta an duine a spreagadh agus feacht air a spreagadh i measc cuideachtaí Stáit nó cuideachtaí atá faoi úinéireacht nó rialú an Stáit.
- iv. Dícheall cuí éifeachtach i leith chearta an duine a spreagadh agus tacú leis i gcomhthéacs na tacaíochta ón Stát do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha.
- v. Comhlachtaí de chuid na sochaí sibhialta agus comhlachtaí ionadaíochta gnó a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhFóram na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.
- vi. Eolas soiléir a thabhairt do na páirtithe leasmhara ar dhlí infheidhme na hÉireann, na bealaí tuairiscithe agus na modhanna cosanta i leith sceithirí agus nochtadh cosanta.
- vii. Feacht a mhúscailt i leith tionscnaimh ábhartha atá ar bun ag páirtithe leasmhara éagsúla ar bhonn iltaobhach amhail Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, na Prionsabail um Infheistíocht Fhreagrach agus Cearta Leanaí agus Prionsabail Ghnó i measc cuideachtaí atá faoi úinéireacht nó rialú an Stáit.

### An Fhreagracht Chorporáideach i dtaobh Cearta an Duine a Urramú

- viii. Comhlachtaí ionadaíochta gnó a spreagadh chun samplaí, teimpléid agus cás-staidéir a chur ar fáil d'fhonn cabhrú le cuideachtaí agus iad ag iarraidh beartais agus tionscnaimh tuairiscithe a fhorbairt atá dírithe ar chearta an duine.
- ix. Cuideachtaí agus eagraíochta neamhrialtasacha atá á gcistiú ag an Stát a spreagadh chun dícheall cuí a dhéanamh i leith chearta an duine mar a oireann dá méid, do chineál agus comhthéacs na n-oibríochtaí agus do dhéine an bhaoil go sárófar cearta an duine.

- x. A spreagadh go mbainfear leas as caighdeáin tuairiscithe maidir le cearta an duine, amhail Creat Tuairiscithe Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe, an Tionscnamh Tuairiscithe Domhanda nó an Comhartha 'Lucht Gnó i mbun Oibre go Freagrach'.
- xi. An dea-chleachtas a spreagadh agus a chothú maidir le dícheall cuí i leith chearta an duine, lena n-áirítear iniúchtaí éifeachtacha ar shlabhra an tsoláthair.
- xii. Bileog eolais a ullmhú faoi Choinbhinsiún ECFE in aghaidh na Breabaireachta, na cionta coiriúla i ndlí na hÉireann a bhaineann le breabaireacht, na córais tuairiscithe atá i bhfeidhm chun tuairisciú a dhéanamh ar amhras i dtaobh éilliú coigríche agus na cosaintí a thugtar faoi Acht um Nochtadh Cosanta, agus go ndéanfadh Fiontraíocht Éireann an bhileog sin a dháileadh ar gach cuideachta Éireannach a bhíonn páirteach i misin trádála.

### Rochtain ar Leigheas

- xiii. Dul i gcomhairle le comhlachtaí ionadaíochta gnó chun an idirghabháil a chur chun cinn agus a neartú mar rogha inmharthana i gcás díospóidí idir gnólachtaí agus a bpáirtithe leasmhara.
- xiv. Buanmhír a chur ar an gclár oibre i dtaobh iniúchadh a dhéanamh ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus na prionsabail faoina bhforbraítear sásraí gearáin ar an leibhéal oibríochta do dhaoine aonair agus do phobail a bhféadfadh sé gur imríodh drochthionchar orthu ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar chasaidí go luath agus iad a leigheas go díreach.
- xv. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr lena chinntiú go mbeidh leigheas ar fáil do dhaoine thar lear a bhféadfadh sé go ndearna cuideachtaí Éireannacha sárú ar a gcearta daonna, ag díriú ar bhacainní ar an gceartas, lena n-áirítear bacainní dlíthiúla, nós imeachta nó airgeadais.



An tAire Charlie Flanagan ag labhairt ag cruinniú de bhreis is 50 cuideachta áitiúla agus 35 cuideachta Éireannach ag imeacht líonrú Fiontraíocht Éireann i Abu Dhabi, Aontas na N-Éimíochtaí Arabacha, mar chuid de mhisean trádála chuig réigiún na Murascaille i mí na Samhna 2016

## Iarscríbhinní:

### Iarscríbhinn 1 – Liosta gníomhartha breise agus gníomhartha leanúnacha atá le cur i gcrích ar fud an Rialtais

Agus an Plean Náisiúnta á chur i dtoll a chéile, aithníodh na gníomhartha seo a leanas mar chinn a mbaineann tábhacht leo i dtaobh gnó agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an Rialtais. I gcás fhormhór na ngníomhartha, is cinn leanúnacha iad seachas cinn nua agus, dá bhrí sin, ní mheastar gur deimhin gur gá don Ghrúpa Forfheidhmithe tús áite a thabhairt dóibh. Féadfaidh an Grúpa Forfheidhmithe féachaint ar an dul chun cinn a dhéanfar ó thaobh na gníomhartha sin a chur i gcrích, áfach, agus smaoineamh ar iad a áireamh ar a chlár oibre má mheastar gur gá.

#### An Creat Intíre

1. An Treoir ón Aontas Eorpach maidir le faisnéis neamhairgeadais agus faisnéis i dtaobh éagsúlachta a nochtadh (2014/95/AE) a thrasú i ndlí na hÉireann.
2. An Bille Idirghabhála a achtú.
3. Éascú don idirghabháil nuair is cuí i nósanna imeachta casaoide na bPointí Teagmhála Náisiúnta de chuid ECFE i gcásanna a thagann faoi Threoirlínte Innáisiúnta ECFE tar éis fhoilsiú nósanna imeachta náisiúnta chun éifeacht a thabhairt do na Treoirlínte<sup>11</sup>.

#### An tAontas Eorpach agus Iarrachtaí Iltaobhacha

4. Ceisteanna a bhaineann le gnó agus cearta an duine a chur chun cinn i bpróisis bheartais dhomhanda faoi chuimsiú Chlár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe, go háirithe trí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 8, 1 agus 5.
5. Leanúint ar aghaidh ag glacadh páirte i Scéim Deimhniúcháin Phróiseas Kimberley agus ag tacú le maoirseacht an Choimisiúin Eorpaigh ar an Scéim.
6. Tacú le cur chun feidhme an Rialacháin lena mbunaítear córas ar fud an Aontais Eorpaigh i ndáil le dícheall cuí sa slabhra soláthair d'allmhaireoirí freagracha stáin, tantalaim agus tungstain, a mianta, agus óir de thionscnamh limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus limistéir ardriosca.
7. Leanúint ar aghaidh ag cur san áireamh gnéithe chearta an duine de Mheasúnuithe Tionchair an Choimisiúin Eorpaigh nuair atá ionchur á thabhairt le linn chaibidlíocht an Chomhaontaithe Saorthrádála agus ag tacú le feidhmiú cuí na gclásal a bhaineann le cearta an duine i gComhaontuithe Saorthrádála de réir mar a thagann siad i gceist i gComhaontuithe AE.
8. Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhFóram na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.

9. Faisnéis i ndáil le dúshláin agus dea-chleachtas maidir le gnó agus cearta an duine a chomhroinnt le comhpháirtithe san Aontas Eorpach agus sna Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear comhleanúnachas a chur chun cinn i gcur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas (2015-2019) agus Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le hInscne (2016-2020).
10. Leas a bhaint as an Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann chun Ballstáit a spreagadh i ndáil le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn ina leith.

#### Trádáil agus Infheistíocht

11. Faisnéis a thabhairt do rannpháirtithe i misin trádála thar lear faoi stiúir ionadaithe de chuid an Rialtais maidir le ceisteanna a bhaineann le cearta an duine sna tíortha cinn scríbe.
12. A chinntiú go bhfuil faisnéis agus treoir faighte ag gníomhaireachtaí Stáit agus baill foirne a bhfuil baint acu le trádáil agus infheistíocht isteach agus amach faoi chuspóir agus forfheidhmiú Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe.
13. Cuideachtaí Éireannacha a bhíonn ag feidhmiú thar lear a spreagadh chun an dea-chleachtas a ghlacadh i dtaca le dul i gcomhairle le cosantóirí chearta an duine agus leis an tsochaí shibhialta sna pobail áitiúla, go háirithe maidir le dálaí comhshaoil agus dálaí saothair.
14. Faoi choimirce na hOifige um Sholáthar Rialtais, leanúint ar aghaidh ag cloí leis an dea-chleachtas maidir le caighdeán soláthair agus cearta an duine i ngach Glao ar Thairiscintí, ag teacht le dlí AE.
15. Treoir chothrom le dáta a thabhairt maidir le cosaint a thabhairt do chosantóirí chearta an duine a bhíonn ag obair i réimse an ghnó agus chearta an duine trí na Treoirlínte um Chosantóirí Chearta an Duine a scaipeadh ar gach Ambasáid.
16. Eolas ó na hAmbasáidí, ag obair dóibh i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit de réir mar is cuí, a thabhairt do chuideachtaí Éireannacha maidir le ceisteanna a bhaineann le gnó agus cearta an duine ina dtír áíochta.
17. Cur leis an bhfeasacht ar thiomantais do chearta an duine, ar chleachtas gnó eiticiúil agus ar an mbeartas forbartha in imeachtaí ag a gcuirtear an gnó idirnáisiúnta chun cinn, de réir mar is cuí.
18. Comhairle a chur ar fhiontair ghnó i dtaobh na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le cearta an duine agus iad ag feidhmiú i limistéir ina bhfuil coinbhleacht.
19. A chinntiú go bhfuiltear ar an eolas faoi chaighdeán feidhmíochta na Corparáide Airgeadais Idirnáisiúnta i measc cuideachtaí faoi úinéireacht an stáit a dhéanann infheistíocht i dtionscadail nó bainistiú orthu i gcás tionscadail atá ar bun lasmuigh de thíortha ardioncaim ECFE agus ar fiú níos mó iad ná coibhéis \$10 milliún na Stát Aontaithe in euro.

<sup>11</sup> Féach OECD Guidelines for Multinational Enterprises: <http://www.oecd.org/daf/inv/mne/>

### Comhar um Fhorbairt

20. Cur chun cinn a dhéanamh ar an tosaíocht bheartais um Fhorás Gheilleagrach do Chách atá leagtha amach in “Domhain Amháin, Todhchaí Amháin: Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta”, trí spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do rialtais chomhpháirtíochta lena chinntiú go gcuirtear chun feidhme sna rialacháin agus sa reachtaíocht ghnó agus gheilleagrach na tiomantais náisiúnta agus idirnáisiúnta do chearta an duine ar nós iad siúd a bhaineann le comhionannas inscne – go háirithe cur chun cinn a dhéanamh ar rochtain na mban ar fhostaíocht fhoirmiúil, ar obair chuibhiúil, agus ar na cearta atá ag grúpaí imeallaithe.
21. Tacú le tíortha i mbéal forbartha d'fhonn a dtimpeallacht ghnó agus infheistíochta a fheabhsú agus leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn córais rialachais atá trédhearcach, cuntasach agus éifeachtach, an smachta reachta, agus fáis gheilleagraigh atá cothrom agus cuimsitheach, lena n-áirítear athrú ó bhonn a dhéanamh ar dheiseanna agus torthaí geilleagracha do mhná agus do chailíní.

---

## Iarscríbhinn 2 – Téarmaí Tagartha an Ghrúpa Forfheidhmithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine

---

- Ceapfaidh an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an Grúpa Forfheidhmithe ar feadh tréimhse trí bliana. Beidh Cathaoirleach neamhspleách air agus tiocfaidh a chomhaltaí ón Rialtas, ón Lucht Gnó agus ón tSochaí Shibhialta.
- Tionólfaidh an Grúpa Forfheidhmithe cruinniú iomlán dhá uair sa bhliain ar a laghad.
- Bunófar trí fhoghrúpa chun díriú ar chur chun feidhme na bpointí gnímh faoi gach ceann de na colúin atá sna Prionsabail Threoracha de chuid na Náisiún Aontaithe. Beidh Cathaoirligh na bhfoghrúpaí mar seo a leanas:
  1. Dualgas an Stáit i dtaobh Cosanta – Ionadaí Rialtais
  2. Freagracht Chorporáideach – Ionadaí Gnó
  3. Rochtain ar Leigheas – Ionadaí ón Lucht Acadúil/ón tSochaí Shibhialta
- Cuirfidh an tAonad um Chearta an Duine sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Rúnaíocht ar fáil don Ghrúpa Forfheidhmithe le tacaíocht ó aonaid ábhartha eile de chuid na Roinne agus i gcomhar le Ranna Rialtais ábhartha eile.
- Déanfaidh an Grúpa Forfheidhmithe athbhreithniú/nuashonrú ar a phlean oibre tar éis 18 mí agus cuirfidh sé é sin faoi bhráid an Fhórais maidir le Gnó agus Cearta an Duine mar bhunús don phlé.

